Athbhreithniú Airgeadais

Athbhreithniú Airgeadais

	2008 €m	2007 €m	Athrú €m	Athrú %
Ioncam	3,515	3,514	1	–
Brabús oibriúcháin	340	523	(183)	(35%)
Brabús iarchánach	273	432	(159)	(37%)
Caipitil	1,094	903	191	21%
Glanfhiachas	(2,088)	(1,797)	(291)	16%
Clúdach úis EBIT (faoi)	3.5	5.0	(1.5)	(30%)
Giaráil	42.4%	39.5%	2.9%	7%
Toradh ar chaipiteal in usáid	6.6%	10.0%	(3.4%)	(34%)

Forbhreathnú

Tá torthaí grúpa do 2008 láidir, le hIoncam agus Brabús Iarchánach ag €3.5 billiún agus €273 milliún faoi seach. Chuir na gnóthais neamhrialaithe go háirithe leis an toradh láidir seo, ag déanamh suas cuid shubstaintiúil de na brabúis. Tá ráiteas tugtha ar thorthaí na bliana tar éis lascaine de €300 milliún a sholáthar chun an gá atá le méaduithe taraife a mhaolú do gach custaiméir leictreachais.. Lean an clár substaintiúil caipitil ar aghaidh le linn na bliana, le hinfheistíocht de €1.1 billiún, ar caitheadh €630 milliún de i ngnó na nGréasán. Tháinig méadú de beagnach €300 milliún ar 2007 ar fhiachas glan ag €2.1 billiún le hús giarála agus EBIT ag 42% agus 3.5 uair faoi seach. Tá an toradh ar an gCaipiteal a cuireadh i bhfeidhm ag 6.6%, ráta atá níos ísle ná 2007 ach a léiríonn tionchar na ranníocaíochta de €300 milliún.

Ioncam

Tá comparáidí bliana ar bhliain d'ioncaim agus costais fuinnimh saofa ag tabhairt isteach an MAL go mall i 2007, as a dtáinig athruithe sna dóigheanna ina dtabhaíonn an Grúpa díolacháin agus ceannacháin leictreachais. Siocair thionchar an mhargaidh nua ar chomparáidí bliana ar bhliain, laghdaíodh ioncaim agus costais fuinnimh araon de €250 milliún i 2008.

I gcomhthéacs an méid thuasluaite, b'ionann ioncam, lena n-áirítear ioncam feidhmíochta eile, agus €3.5 billiún don bhliain, rud a bhí comhsheasmhach le 2007, le saobhadh MAL atá thuasluaite agus diúscairtí réadmhaoine níos ísle ag fritháireamh an fháis fhoriomláin margaidh san MAL agus taraifí leictreachais níos airde.

Brabús Iarchánachais



Costais oibriúcháin
Mhéadaigh costais oibriúcháin €184 milliún ar 2007 go €3.2 billiún, agus bhain €143 milliún de seo le costais bhreosla. Mhéadaigh costais bhreosla sa GWh de 30% ar 2007.

Brabús Oibriúcháin
Ba €340 milliún (2007: €523 milliún) an brabús oibriúcháin don bhliain 2008, rud a chiallaigh laghdú de €183 milliún ar 2007, ag léiriú thionchar an lacáiste chustaiméara de €300 milliún.

Comhfhiontair
Ba bhliain mhaith eile í 2008 d'infheistíochtaí comhfhiontair, ag giniúint €63 milliún don Ghrúpa (2007: €47 milliún). Chuir táirgeacht mhéadaithe ón bhfearas Synergen go háirithe leis an toradh feabhsaithe.

Cánachas
B'ionann an Muirear Cánach Grúpa do 2008 agus €31 milliún (2007: €48 milliún), rud a léiríonn ráta cánacha éifeachtach de 12.7% (2007: 11.2%) nuair a bhaintear an scair de bhrabúis chomhfhiontair as an áireamh.

Brabús Iarchánach
Léiríonn an brabús iarchánach, ag €273 milliún (2007: €432 milliún), tionchar na ranníocaíochta €300 milliún le custaiméirí leictreachais agus torthaí láidre ó na gníomhaíochtaí neamhrialaithe lena n-áirítear toradh ardaithe ó infheistíochtaí Comhfhiontair.

Feidhmíocht Aonaid Ghnó

Is ionann an Brabús Grúpa iarchánach de €273 milliún agus €199 milliún do Ghiniúint Cumhachta, €49 milliún do Ghréasáin, €99 milliún do na gnóthais neamhrialaithe, fritháirithe ag caillteanais de €74 milliún sa ghnó Soláthair.

- Tá brabús Ghiniúint Cumhachta thíos €33 milliún ar 2007 go príomha toisc corrlaigh fuinnimh níos ísle, sciar an mhargaidh laghdaithe agus sciar Ghiniúint Cumhachta den lacáiste chustaiméara de €300 milliúin i 2008.
- Thit brabúis Ghréasáin chomh maith de €90 milliún i gcomparáid le 2007 agus léiríonn seo sciar Ghréasáin den lacáiste custaiméara de €300 milliún agus costais úis níos airde fritháirithe ag tionchar glan méadaithe taraife Ghréasáin i 2008.
- Thit brabúis Soláthair €87 milliún ar 2007, tiomáinte go príomha ag fo-aisghabháil rialála do 2008 mar thoradh ar mhéadaithe suntasacha i bpraghsanna breosla le linn na bliana.
- Mhéadaigh na brabúis ó na gnóthais neamhrialaithe €51 milliún i gcomparáid le 2007, rud a léirigh an toradh feabhsaithe ó na fearais ghiniúna neamhspleácha fritháirithe ag diúscairtí sealúchais laghdaithe i 2008.

Caiteachas Caipitil

Rinne an Grúpa infheistiú de €1.1 billiún go díreach i gcláir chaipitil le linn 2008. Tabhaíodh €124 milliún sa bhreis agus léiríonn sé scair infheistíochta caipitil an Ghrúpa trína chomhfhiontair. Caitheadh €630 milliún ar Bhonneagar Leithdháilte agus Tarchuir amháin, rud a d'fhág gur infheistíodh breis agus €3 bhilliún le cúig bliana anuas. D'infheistigh Giniúint Cumhachta €263 milliún agus bhain seo go príomha leis na tionscadail seo leanas:

- Dul chun cinn ar thógáil an fhearais nua CCGT 430 MW ag Áth Fhada, Co. Chorcaí; agus
- an Tionscadal Iarfheistithe Comhshaoil i nGob na Muine, Co. an Chláir a laghdóidh go suntasach na hastaíochtaí dé-ocsaíde sulfair (SOx) agus ocsaíde nítrigine (NOx) ón stáisiún thar na deich mbliana atá romhainn.

D'infheistigh ESB International €180 milliún le linn 2008 lena n-áirítear €102 milliún ar infheistíochtaí inathnuaite agus €62 milliún i dtionscadal CCGT 860MW Carrington, Mórcheantar Mhanchain.

Feidhmíocht Aonaid Ghnó (Brabús Iarchánach)



Glanfhiachas agus Giaráil



Glanfhiachas agus Giaráil

Ag deireadh na bliana b'ionann an glanfhiachas (iasachtaí de €2.2 billiún lúide airgead de €83 milliún) agus €2.1 billiún (2007: €1.8 billiún). Tháinig airgid a gineadh ó oibríochtaí le linn na bliana chuig €872 milliún agus tháinig riachtanais mhaoiniúcháin do chlár caipitil 2008, ús, íocaíochtaí díbhinne agus riachtanais mhaoiniúcháin eile chuig €1.1 billiún. Laghdaigh an athluacháil fiachais, ag rátaí malairte eachtraí dheireadh bliana agus rátaí úis malairte, mar atá riachtanach faoi CCI 21, an t-iarmhéid fiachais faoi €33 milliún. Bhí giaráil ag 42% ag deireadh na bliana agus bhí 61% den phunann fiachais ag rátaí úis seasta. Ba é 5% an meánráta cúpóin.

Sochair d'Fhostaithe

Maidir le tuairisciú airgeadais faoi AE CTAI, breithníodh na costais dliteanais agus pinsin iomlána agus na dliteanais iomchuí a bhíonn le taifeadadh sna ráitis airgeadais á gcinneadh, d'ainneoin nach gnáthscéim sochair shainithe a bhaineann le hiarmhéid costais í an scéim seo, ina mbeadh an fostóir faoi dhliteanas íoc as fuílleach na ranníocaíochtaí a theastódh chun na sochair a mhaoiniú.

D'fhonn AE CTAI a chomhlíonadh, bhí cuid de ghlansócmhainní agus de ghlandliteanais scéim phinsin shainithe BSL, ríofa de réir CCI 19, curtha san áireamh sa chlár comhardaithe faoi dhliteanais fostaí-bhainteacha. Agus cuntas á thabhairt don easnamh pinsin bhain BSL leas as an rogha an chuid neamhaitheanta den easnamh pinsin a chur siar thar saolta seirbhíse amach anseo. Ag deireadh na bliana 2008 b'ionann an t-easnamh pinsin, ríofa de réir CCI 19, agus €2.6 billiún, sin méadú de €1.2 billiún ar 2007. Léiríonn seo go príomha éifeacht an choir chun donais eacnamaíoch ar luacháil shócmhainní an chiste.

Rialáil

Ó bhí Samhain 2007 ann agus ó thabhairt isteach an Mhargaidh Aonair Leictreachais (MAL), tá luach mórdhíola leictreachais tiomáinte trí mheán an mhargaidh, agus díoltar an leictreachas uile a ghintear i gcómhargadh a ndéanann an CRF agus Rialtóir Fóntais Thuaisceart Éireann maoirseacht air. Glacann Giniúint Cumhachta BSL páirt sa mhargadh leictreachais cosúil le gineadóirí eile. Mar thacaíocht d'fhorbairt an MAL, dhíol Giniúint Cumhachta BSL 13 TWh de Chonarthaí Difríochta ar threoraigh an CRF ocht gcinn díobh. Chuir sé seo cumhacht ar fáil d'iomaitheoirí eile sa mhargadh ar luach socraithe.

Leagann an CRF amach taraifí leictreachais roimh an mbliain ábhartha, bunaithe ar réamhfhaisnéis maidir le héileamh custaiméara agus costais iomchuí araon. Mar is amhlaidh le réamhfhaisnéis ar bith, bíonn difríocht ann beagnach i gcónaí idir sin agus fíorthoradh na bliana, as a leanann tearc-aisghabháil ioncaim nó ró-aisghabháil ioncaim ag BSL. Déanann an CRF coigeartú ar aon tearc-aisghabháil nó ró-aisghabháil ioncaim ceadaithe maidir leis na cinntí praghais a leagan amach do bhlianta ina dhiaidh sin. Chomh maith leis sin, is féidir sainchostais a léirítear sa ráiteas ioncaim a aisghabháil sa taraif i dtréimhsí cuntasaíochta éagsúla nó thar roinnt tréimhsí cuntasaíochta. Féadfaidh éagsúlachtaí ábhartha sna brabúis bhliantúla a thuileann na gnóthaí rialaithe aonair leanúint as difríochtaí uainiúcháin den sórt sin agus féadfaidh siad a bheith ina gcúis le saobhadh maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na bliana ar bhliain ghnóthas rialaithe BSL. Mar thoradh ar dhifríochtaí uainiúcháin tá laghdú de €85 milliún tagtha ar an toradh bliana ar bhliain sa ghnó Soláthar Custaiméirí. Tá seo spreagtha ag ráta taraife neamhleor le linn 2008 chun méadaithe suntasacha i gcostais bhreosla a tháinig aníos níos luaithe sa bhliain a aisghabháil.

Bainistiú Riosca Airgeadais

Creat d'Oibríochtaí Cisteachta agus Trádála

Baineann na príomhrioscaí airgeadais atá os comhair an Ghrúpa le malairt eachtrach, ráta úis, agus gluaiseacht praghsanna tráchtearraí (leictreachas agus breosla), creidmheas contrapháirtí agus riosca oibriúcháin.

Is í Cistíocht an Ghrúpa atá freagrach as gníomhaíochtaí cistíochta an Ghrúpa ó lá go lá. Coimeádtar Coiste Airgeadais an Bhoird cothrom le dáta maidir le príomhchúrsaí cistíochta agus cuirtear tuarascáil bhliantúil a chuimsíonn an ghníomhaíocht cistíochta faoi bhráid an Choiste lena hathbhreithniú chomh maith.

Is é an t-aonad gnó iomchuí (Giniúint Cumhachta, Soláthar Custaiméirí agus ESBI) a bhainistíonn an riosca praghais tráchtearra i gcomhthéacs creata bainistithe riosca an Ghrúpa foriomlán. Déanann Bainistiú Riosca Trádála Grúpa na hiarrachtaí seo a chomhordú, agus oibríonn sé chun a chinntiú go ndéantar rioscaí margaidh, creidmheasa agus oibriúcháin an Ghrúpa ar shlí a chosnóidh an chuideachta ó chaillteanas agus lena léireofar meas ar oibleagáidí imfhálaithe atá ann idir na haonaid ghnó. Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa athbhreithniú rialta ar ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca Cisteachta agus Trádála.

Úsáidtear díorthaigh chun rioscaí airgeadais a mhaolú agus déantar iad a fhorghníomhú agus Sonraíocht an Aire Airgeadais a eisíodh faoi choimirce an "Achta um Bearta Airgeadais Chuideachtaí Áirithe agus Chomhlachtaí Eile 1992" á chomhlíonadh. Le linn 2008, níor choinnigh an Grúpa díorthaigh chun críocha amhantracha. Úsáidtear cuntasaíocht fálaithe de chun CCI 39 go príomha le haghaidh fálta dhliteanais airgeadra eachtraigh, rioscaí rátaí úis ó dhliteanais neamhreatha. Clúdaíonn sí fálta tráchtearra agus malairte eachtraí a eascraíonn ón MAL chomh maith.

Bainistiú Malairte Eachtraí agus Riosca Ráta Úis

Déantar an chuid is mó de ghnó an Ghrúpa in Éirinn nó san Eoraip. Ainmnítear sreabhadh airgid oibriúcháin agus infheistíocht in Euro, go príomha. Eascraíonn nochtadh do riosca maidir le hairgeadra eachtrach as breosla agus ábhair nó seirbhísí eile a cheannach, as fiachas in ainmníocht airgeadra eachtraigh agus as gnó a dhéantar lasmuigh de chrios an Euro.

Déanann an Grúpa bainistiú ar fhormhór na nochtaí airgeadra a bhaineann le breosla ag úsáid díorthaí airgeadra amhail conarthaí réamhcheannacháin. Déantar fálú de réir mar is cuí ar nochtadh malairte eachtraí eile. Tá de pholasaí ag an nGrúpa iasachtaí a thógáil in ainmníocht an Euro go díreach nó aon iasacht in airgeadra eachtrach a aistriú go Euro trí ionstraimí díorthaigh a úsáid. Bíonn cásanna áirithe ann ina gcuirtear a mhacasamhail de shócmhainn nó de ghlansreabhadh ioncaim in ainmníocht airgeadra eachtraigh in aghaidh fiachais in ainmníocht airgeadra eachtraigh. Ag deireadh 2008, bhí 95% d'fhiachas BSL arna ainmniú le héifeacht in Euro. Tá de pholasaí ag an nGrúpa freisin 50% ar a laghad den phunann fiachais a bheith ag rátaí seasta úis, faoi réir ag costas agus a dtuartar maidir leis an margadh.

Bainistiú Maoinithe agus Leachtachta

Díríonn straitéis bhainistiú fiachais an Ghrúpa ar phróifíl phunann fiachais ina bhfuil meascán éagsúil de chontrapháirtithe, foinsí maoinithe agus aibíochtaí. Úsáidtear maoiniú struchtúrtha neamhiontaofa agus iontaofa go teoranta nuair is cuí sin, agus cuntas á thabhairt don chomhoiriúnacht idir costais mhaoiniúcháin agus maolú riosca. Comhlíonann na saoráidí iasachta go léir na hAchtanna Leictreachais agus na riachtanais rialála iomchuí agus cothaíonn Cistíocht an Ghrúpa éagsúlacht i mbonn iasachtóra BSL d'fhonn leathadh straitéiseach riosca a bhaint amach.

Tá saoráidí iasachta leordhóthanacha ar bun ag BSL lena chinntiú gur féidir éilimh leachtachta a chomhlíonadh de réir mar a theastaíonn sin. Ag deireadh na bliana bhí breis is €600 milliún ar fáil i saoráidí neamhtharraingte geallta, agus ní aibíonn an chéad cheann díobh seo go dtí 2012. Ina theannta sin, tá iarmhéideanna airgid i seilbh an Ghrúpa, i bhfoirm taiscí gearrthéarma bainc, atá leordhóthanach chun aon riachtanas airgid láithreach a chomhlíonadh.

Leanann an Grúpa ar aghaidh ag monatóiriú margaí ina bhfuil deiseanna rochtain a fháil ar shaoráidí maoiniúcháin níos fad-téarmaí a fhorlíonann straitéis infheistíochta an Ghrúpa agus na riachtanais iasachta a thagann as.

Riosca Creidmheasa Contrapháirtí

Baineann nochtadh do riosca creidmheasa leis an nGrúpa ó na contrapháirtithe lena gcoimeádann sé a chuntais bhainc agus lena ndéanann sé idirbheartaíocht sna margaí airgeadais. Tá de pholasaí ag an nGrúpa srian a chur leis an nochtadh don riosca i gcás gach forais airgeadais ar leith bunaithe ar an rátáil chreidmheasa a nglacfar leis. Bíonn an nochtadh agus na teorainneacha a bhaineann leis faoi athbhreithniú agus faoi mhonatóireacht leanúnach. Déantar rialú ar bhearta déileála trí shainorduithe diana déileála a shocrú leis na contrapháirtithe.

Achoimre agus Ionchas Amach Anseo

D'éirigh leis an nGrúpa feidhmiú go láidir ó thaobh airgeadais de le linn 2008 le gach eochairtháscaire airgeadais laistigh de pharaiméadair inghlactha. Ag breathnú chun cinn, beidh na rudaí seo leanas ar phríomhthosaíochtaí airgeadais an Ghrúpa:

- Ag leanúint ar aghaidh ag seachadadh na gclár suntasach caiteachais chaipitil agus muid ag maoiniú an fháis seo go hinmheánach agus go seachtrach araon, ag cothabháil táscairí airgeadais láidre agus clár comhardaithe sláintiúil;
- Ag leanúint ar aghaidh le cláir feabhsaithe feidhmíochta chun fás inbhuanaithe a sheachadadh sa Luach Scairshealbhóra;
- Bainistiú an riosca trádála a thagann ón Margadh Aonair Leictreachais agus na margaí bainteacha, ag an am céanna ag leanúint ar aghaidh le straitéisí éifeachtacha soláthair breosla chun luaineacht na bpraghsanna margaidh a mhaolú;
- Na gnóthais rialaithe a fheidhmiú go rathúil laistigh den chreat comhaontaithe rialála; agus
- Fócas leanúnach ar bhainistiú riosca creidmheasa.